

GLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE – GNÍOMHAIRÍ AR CONRADH
GRÚPA FEIDHME I – TIOMÁNAITHE
EPSO/CAST/S/8/2014

I. RÉAMHRÁ

Ar iarratas ó Institiúidí an Aontais Eorpaigh, tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag seoladh próiseas roghnúcháin chun bunachar sonraí d'iarrthóirí ar éirigh leo a chur ar bun óna bhféadfar gníomhairí ar conradh a earcú mar **thiománaithe**.

Earcaíonn Institiúidí an Aontais Eorpaigh gníomhairí ar conradh chun inniúlachtaí breise a sholáthar i réimsí speisialaithe. Fostaítear gníomhairí ar conradh i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos i Roinn IX den ghlaó seo ar léiriú spéise.

Tá na coinníollacha oibre sna hinstiúidí leagtha síos i gCoinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh atá ar fáil ina n-iomláine ar líne ag <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20140101:GA:PDF> ¹.

Is iad an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, an Chúirt Iniúchóirí, An Chúirt Bhreithiúnais, Ardrúnaíocht na Comhairle, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a úsáidfidh an bunachar sonraí sin. **Is sa Bhruiséil agus i Lucsamburg go príomha a bheidh na poist lonnaithe, de réir riachtanais na seirbhísí. Is féidir go dtairgfear líon teoranta conarthaí sa seirbhísí atá suite i bpríomhbhailte an Aontais Eorpaigh agus i dtoscaireachtaí áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh chuig institiúidí idirnáisiúnta.**

Is gnách go gcuireann líon mór iarrthóirí ardcháilithe isteach ar na próisis roghnaithe gníomhairí agus go n-éiríonn an próiseas sin le cuid mhór acu. Dá bhrí sin, tugadh na hiarrthóirí dá n-aire gur féidir go mbeidh níos mó iarrthóirí sa bhunachar sonraí ná a bheidh de dhíth ar na hinstiúidí.

Sa tábla thíos tá líon na ngníomhairí ar conradh a mheastar a bheidh de dhíth ar na hInstitiúidí sa réimse seo le linn tréimhse áirithe agus teacht agus imeacht ball foirne curtha san áireamh ann.

An neasmhéid iarrthóirí atá iarrtha ag na hInstitiúidí don tréimhse trí bliana 2015–2017:

Institiúidí	Líon
An Coimisiún	60
An Pharlaimint	8
An Chúirt Iniúchóirí	3
An Chúirt Bhreithiúnais	12
An Chomhairle	6
An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí	2
Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa	2
Iomlán	93

¹ Tá na forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir le coinníollacha fostaíochta gníomhairí ar conradh an Choimisiúin agus Parlaimint na hEorpa ar fáil ar shuíomh gréasáin EPSO (http://europa.eu/epso/index_en.htm).

II. DUALGAIS

Faoi mhaoirseacht oifigigh nó gníomhaire shealadaigh, déanfaidh an gníomhaire ar conradh cúraimí tiománaí. Ag seo achoimre ar na cineálacha cúraimí a bheidh le déanamh:

- Daoine mór le rá agus oifigigh nó gníomhairí eile ó na hInstitiúidí Eorpacha a iompar i bhfeithicil, sa Bhruiséil, i Lucsamburg agus in Strasbourg go príomha, agus i mBallstáit eile agus i dtríú tíortha chomh maith.
- Cuairteoirí a bhaineann leis an bhfoireann taidhleoireachta agus daoine mór le rá a thiomáint.
- Earraí/doiciméid a iompar.
- Post a iompar.
- Deimhin a dhéanamh de go gcoinnítear bail ar an bhfeithicil, ó thaobh chothabháil uirlisí teicniúla na feithicile de go háirithe.
- Deimhin a dhéanamh de go bhfuil na daoine agus na hearraí sábháilte le linn a n-iompair, i gcomhréir le córas slánródaíochta na tíre.
- Feithicilí a lastú agus a dhílastú, nuair is gá.
- Obair riaracháin a dhéanamh nó tacaíocht lóistíochta a thabhairt, nuair is gá.

III. CLÁR AMA TÁSCACH AN NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

Is é EPSO a bheidh i bhfeighil an phróisis, agus beidh bord roghnúcháin de chúnamh aige ina mbeidh ionadaithe ó sheirbhísí agus institiúidí an AE. Ag seo an clár ama tascach:

CÉIMEANNA	Dátaí tascacha
Clárú	Marta 2014
Scrúdú ar an CVanna	Bealtaine–Meitheamh 2014
Trialacha inniúlachtaí	Meán Fómhair–Deireadh Fómhair 2014
Torthaí na dtrialacha inniúlachtaí	Nollaig 2014

IV. INCHÁILITHEACTH

Cuireann institiúidí an Aontais Eorpaigh beartais comhdheiseanna i bhfeidhm agus glacfar le hiarratais gan aon idirdhealú a dhéanamh atá bunaithe ar aon fhoras amhail tionscnamh ciníoch nó eitneach, creideamh polaitiúil, creideamh fealsúnach nó creideamh reiligiúnach, aois nó míchumas, gnéas nó claonadh gnéasach nó stádas pósta nó teaghlaigh an iarrthóra.

Ní fhéadfar tú a earcú mar ghníomhaire ar conradh mura gcomhlíona tú, ar an dáta deiridh atá leagtha síos don chlárú ar líne, na coinníollacha seo a leanas:

A. Coinníollacha ginearálta	
(a) Bheith i do shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach.	
(b) Do chearta mar shaoránach a theachtadh.	
(c) Aon oibleagáid dlí atá ort i dtaca le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat.	
(d) Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun na dualgais i gceist a dhéanamh.	
(e) Na coinníollacha corpacmhainne a theastaíonn maidir le dualgais an phoist a dhéanamh a chomhlíonadh.	
B. Íoschoinníollacha sonracha – Oiliúint/taithí	
<p><u>Na cáilíochtaí íosta nach mór a bheith ag iarrthóirí</u></p> <p>An scolaíocht éigeantach a bheith déanta agat. Ceadúnas tiomána chatagóir B ar a laghad a bheith agat.</p> <p><u>Taithí oibre</u> Ar dháta deiridh foilsithe an ghlaio ar léiriú suime seo, ní mór don iarrthóir, chun go mbeidh cead isteach aige sa roghnú seo, a chruthú go bhfuil taithí trí bliana ar a laghad aige mar thiománaí nó mar seachadóir a bhaineann le hiompar daoine agus/nó earraí (beartha, post etc. san áireamh).</p>	
C. Eolas ar theangacha	
(a) teanga 1 (T1) agus	An Phríomhtheanga: sáreolas (leibhéal C1 ar a laghad) ar cheann de 24 teanga oifigiúil an Aontais Eorpaigh ²
(b) teanga 2 (T2)	<p>eolas sásúil (leibhéal B3³) ar an mBéarla, ar an bhFraincis nó ar an nGearmáinis; <i>an teanga a roghnaítear mar theanga 1 thuas, ní féidir í a roghnú mar theanga 2 freisin.</i></p> <p>I gcomhréir leis an mbreithiúnas a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Mór-Dhlísheomra) i gCás C-566/10 P, Poblacht na hIodáile v An Coimisiún, tá sé de cheanglas ar institiúidí an AE a shonrú cé na fáthanna atá le líon beag de theangacha oifigiúla an AE a bheith mar rogha dara teanga.</p> <p>Dá bhrí sin, cuirtear in iúl do na hiarrthóirí gur roghnaíodh dara teangacha an phróisis roghnúcháin seo de réir leas na seirbhísí, leas a éilíonn go mbeidh na hearcaigh nua in ann dul i mbun oibre láithreach agus go mbeidh sé ar a gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le linn a n-oibre laethúla. Ina éagmais sin, bheadh baol ann go gcuirfí bac mór ar obair na n-institiúidí.</p> <p>Ar bhonn an chleachtais sheanbhunaithe atá ag institiúidí an Aontais maidir leis na teangacha cumarsáide inmheánaí, agus riachtanais na seirbhísí maidir le cumarsáid sheachtrach agus próiseáil comhad á gcur san áireamh, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na teangacha is mó a úsáidtear. Ina theannta sin, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na dara teangacha is mó i bhfad amach a roghnaíonn na hiarrthóirí sna comórtais, nuair is fúthu a bhíonn roghnú an dara teanga. Is dearbhú é sin ar an méid a</p>

² Is iad seo a leanas teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh: an Béarla (EN), an Bhulgáiris (BG), an Chróitis (HR), an Danmhairgis (DA), an Eastóinis (ET), an Fhionlainnis (FI), an Fhraincis (FR), an Ghaeilge (GA), an Ghearmáinis (DE), an Ghréigis (EL), an Iodáilis (IT), an Laitvis (LV), an Liotuáinis (LT), an Mháltais (MT), an Ollainnis (NL), an Pholainnis (PL), an Phortaingéilis (PT), an Rómáinis (RO), an tSeicis (CS), an tSlóivéinis (SL), an tSlóvaicis (SK), an Spáinnis (ES), an tSualainnis (SV) agus an Ungáiris (HU).

³ Féach an creat tagartha ar shuíomh Europass. Is féidir teacht air ach cliceáil ar an nasc seo:
<http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr>.

bhfuiltear ag súil leis faoi láthair maidir le leibhéal oideachais agus inniúlachtaí gairme iarrthóirí ar na poist in institiúidí an Aontais, mar atá, sáreolas ar cheann de na teangacha sin ar a laghad. Dá bhrí sin, agus leas na seirbhíse agus riachtanais agus inniúlachtaí na n-iarrthóirí á gcur sa mheá, agus sainréimse an roghnúcháin seo á chur san áireamh, tá ábhar maith ann trialacha a eagrú sna trí theanga sin chun a chinntiú go mbeidh máistreacht ag na hiarrthóirí uile, is cuma cén phríomhtheanga atá acu, ar cheann de na trí theanga oifigiúla sin mar theanga oibre. Ina theannta sin, chun go mbeidh cothrom iomaíochta ann, ní mór do gach iarrthóir, fiú má tá ceann de na trí theanga sin ina phríomhtheanga oifigiúil aige, an triail seo a dhéanamh sa dara teanga, agus beidh an dara teanga le roghnú as na trí theanga sin. Mar sin, ligeann an measúnú ar na hinniúlachtaí sonracha d'institiúidí an Aontais a mheas cé chomh hábailta is atá na hiarrthóirí dul i mbun oibre láithreach i dtimpeallacht atá cosúil leis an timpeallacht ina n-iarrfar orthu bheith ag obair. Tá na bearta seo gan dochar d'fhoghlaim tríú teanga ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 85 (3) de na Rialacháin Foirne.

I gcás na n-iarrthóirí a bheidh fostaithe in Ionadaíocht de chuid an Choimisiúin Eorpaigh i mBallstát den AE, teastaíonn eolas ar theanga an Bhallstáit ar chúiseanna praiticiúla ós sa Bhallstát sin amháin a dhéanfar turais agus teagmhálacha le heagraíochtaí áirithe.

Tráth a gcláraithe, ní fhéadfaidh iarrthóirí ach ceann amháin de 24 teanga oifigiúil an Aontais Eorpaigh a roghnú mar phríomhtheanga (T1). Ní féidir rogha na dteangacha a athrú i ndiaidh an fhoirm iarratais ar líne a bhailíochtú.

N.B: Má thugtar cuireadh chun agallaimh duit, ní mór duit na doiciméid tacaíochta uile a chur ar fáil. Má fhaightear amach nach bhfuil an fhaisnéis a thug tú cruinn, dícháileofar thú ón bpróiseas agus bainfear d'ainm as an mbunachar sonraí.

V. CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH AGUS AN SPRIOCAM CLÁRÚCHÁIN

Ní mór duit clárú ar líne sa tslí a léirítear ar shuíomh gréasáin EPSO, (http://europa.eu/epso/apply/jobs/index_en.htm), agus sna treoracha clárúcháin go háirithe. Ní mór do na hiarrthóirí an fhoirm iarratais a líonadh isteach sa Bhéarla, sa Fhraincis nó sa Ghearmáinis.

Is fútsa amháin atá sé deimhin a dhéanamh de go mbeidh an t-iarratas ar líne críochnaithe roimh an spriocam. Moltar duit gan fanacht go dtí an nóiméad deireanach chun an clárú a dhéanamh, ó má bhíonn na línte an-ghnóthach nó má chliseann an nasc idirlín, is féidir go mbeidh ort an clárú ar líne ar fad a dhéanamh ó thús, rud nach bhféadfá a dhéanamh nuair a bheidh an spriocam istigh.

Nuair a bheidh an t-iarratas bailíochtaithe agat, ní fhéadfaidh tú aon athruithe eile a dhéanamh air. Déanfaidh EPSO na sonraí a cuireadh isteach a phróiseáil láithreach chun an comórtas a eagrú.

SPRIOCAM CLÁRÚCHÁIN (an bailíochtú san áireamh):

An 25 Márta 2014 ar 12 a chlog (meán lae), am na Bruiséile

VI. CÉIMEANNA ROGHNÚCHÁIN

ROGHNÚ AR BHONN CÁILÍOCHTAÍ

Roghnófar na hiarrthóirí ar bhonn cáilíochtaí, ar bhonn na ndiplómaí agus na taithí atá acu go háirithe, de réir na gcritéar atá leagtha amach sa tábla thíos. Is iad na hiarrthóirí is fearr a mbeidh a bpróifíil ag teacht le dualgais an phoist a dtabharfar cuireadh dóibh na triailacha inniúlachtaí a dhéanamh.

Ainmneofar bord roghnúcháin chun cuidiú le EPSO ag an gcéim sin den roghnú, go háirithe chun an roghnú ar bhonn cáilíochtaí a dhéanamh (scagadh CVanna).

Na critéir don roghnú ar bhonn cáilíochtaí:

•	Taithí oibre dhá bhliain ar a laghad mar thiománaí i réimse iompar na ndaoine, a fuarthas sna cúig bliana roimh spriocam an iarratais.
•	Taithí oibre bliana amháin ar a laghad mar thiománaí i réimse iompar na ndaoine mór le rá (mar shampla: foireann taidhleoireachta, tiomáint limisíní)
•	Taithí oibre ar fheithiclí armúrtha a thiomáint
•	Oiliúint agus/nó taithí bhreise ar shlándáil daoine (e.g. cúrsa i scoil garchosanta, cúrsa féinchosanta)
•	Eolas ar uirlisí ríomhaireachta oifige (MS Word, Excel, Outlook etc.)
•	Ceadúnas tiomána de chineál eile (e.g. ceadúnas C nó D)
•	Oiliúint bhreise maidir le feithiclí a thiomáint (e.g. tiomáint chosantach, tiomáint i dtionlacan)
•	Taithí ar gharchabhair nó oiliúint ina taobh
•	Ar chúiseanna praiticiúla, eolas sásúil (leibhéal B2 ⁴) ar an bhFraincis agus/nó ar an mBéarla, fiú más í teanga 1 nó 2 agat ceann den dá theanga sin.
•	Ar chúiseanna praiticiúla, eolas sásúil (leibhéal B2 ⁵ ar a laghad) ar theanga amháin nó ar roinnt teangacha de chuid an AE cé is moite de theangacha 1 agus 2 agus an Béarla nó an Fhraincis.

N.B: Má thugtar cuireadh chun agallaimh duit, ní mór duit na doiciméid tacaíochta uile a chur ar fáil. Má fhaightear amach nach bhfuil an fhaisnéis a thug tú cruinn, dícháileofar thú ón bpróiseas roghnúcháin agus bainfear d'ainm as an mbunachar sonraí.

Is ar bhonn na ndearbhuithe a rinne tú sa chluaisín ‘scagthóir buanna’ (DE: *Talentfilter*, EN: *talent screener*, FR: *évaluateur de talent*), agus ar an mbonn sin amháin, a dhéanfar an roghnú:

— Tabharfar ualú ó 1 go dtí 3 do gach critéar roghnúcháin, de réir na tábhachta atá leis.

— Scrúdóidh an bord roghnúcháin freagraí na n-iarrthóirí agus tabharfaidh sé marc ó 0 go dtí 4 do gach freagra; iolrófar na marcanna ansin faoin ualú atá ag an gcritéar i gceist.

Na hiarrthóirí a ghnóthóidh an méid is mó marcanna, tabharfar cuireadh dóibh an triail inniúlachtaí a dhéanamh (beidh líon na n-iarrthóirí dá dtabharfar cuireadh an triail inniúlachtaí a dhéanamh cothrom le tuairim is dhá oiread go leith líon na n-iarrthóirí atá iarrtha ag gach institiúid). Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, tabharfar cuireadh dóibh ar fad an triail inniúlachtaí a dhéanamh.

AN TRIAIL INNIÚLACHTAÍ

⁴ Féach an creat tagartha ar shuíomh gréasáin Europass. Is féidir teacht air ach cliceáil ar an nasc seo: http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr?loc=en_EN

⁵ Féach an creat tagartha ar shuíomh gréasáin Europass. Is féidir teacht air ach cliceáil ar an nasc seo: http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr?loc=en_EN

Déanfaidh na hiarrthóirí triail inniúlachtaí i dteanga 2 féachaint a eolaí agus a ábalta atá siad ar thiomáint ar an taobh deas a mheas. Is éard a bheidh sa triail, triail ar an teoiric agus roinnt trialacha praiticiúla mar seo a leanas:

Cineál na trialach	Ábhar	Pasmharc
Triail ar eolas ar an gcóras slánródaíochta	Triail ilroghnach	18/30
Triail le hionsamhlóir	Ionsamhluithe tionóiscí agus tiomána atá tíosach ar fhuinneamh	18/30
Triail ar chúrsa tiomána	iompar duine mór le rá, smacht ar an bhfeithicil, láimhsiú, scileanna seachanta contúirte, coscánú	36/60

Ní mór don iarrthóir an pasmharc a ghnóthú i ngach ceann de na trí thriail chun go n-éireoidh an scrúdú leis agus go mbeidh sé ar na hiarrthóirí a n-éireoidh leo.

Beidh an triail ar siúl sa '**Centre de Maîtrise de la Route/Centrum voor Wegbeheersing**' in **Nivelles (40 km ón mBruiséil)** i gcás gach iarrthóra.

Íocfaidh EPSO cuid de chostais taistil na n-iarrthóirí i gcomhréir leis na rialacha cúitimh is infheidhme, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin EPSO ag http://europa.eu/epso/apply/on_going_compet/reimburse/index_en.htm.

VII. TORTHAÍ NA dTRIALACHA

Foilseofar torthaí scrúdú na CVanna agus na dtrialacha inniúlachtaí i gcuntais EPSO na n-iarrthóirí.

VIII. D'AINM A CHUR SA BHUNACHAR SONRAÍ

Iontrálfar ainmneacha na n-iarrthóirí a ghnóthóidh an pasmharc sa triail inniúlachta i mbunachar sonraí agus ní fhoilseofar iad in aon fhoirm eile. Tabharfar rochtain ar an mbunachar sonraí don Choimisiún Eorpach, do Pharlaimint na hEorpa, don Chúirt Bhreithiúnais, d'Ardrúnaíocht na Comhairle, don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus don Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta. Féadfaidh Institiúidí/Gníomhaireachtaí Eorpacha eile rochtain a fháil ar an mbunachar sonraí, má bhíonn na próifílí atá ann de dhíth orthu. Beidh an bunachar sonraí bailí go ceann trí bliana ón dáta a thabharfar fógra do na hiarrthóirí maidir lena dtorthaí.

IX. DAOINE A ROGHNÚ IS FÉIDIR A EARCÓFAR

Ní hionann ainm iarrthóra a chur sa bhunachar sonraí agus gealltanais a thabhairt go dtairgfear post don iarrthóir sin. Má thagann folúntas chun cinn, cuardóidh na hInstitiúidí an bunachar sonraí agus tabharfaidh siad cuireadh chun agallaimh do na hiarrthóirí is fearr a oireann do dhualgais an phoist. Má éiríonn le hiarrthóir san agallamh sin, is féidir go bhfaighidh sé tairiscint oifigiúil poist. Measúnófar príomhtheanga an iarrthóra le linn an agallaimh freisin. Iarrthóirí nach mbeidh imréiteach pearsanra slándála acu cheana, beidh orthu sin a iarraidh go foirmiúil go díreach i ndiaidh a n-earcaithe. Do gach iarrthóir a roghnófar do phost, tairgfear conradh CA 3A⁶ dó, mar atá léirithe thíos.

Conradh	Áit oibre
	Don Coimisiún: an dá oifig 'Bonnegair agus Lóistíocht' (sa Bhruiséil agus i

⁶ I gcomhréir le hAirteagal 3 a de na Rialacha is infheidhme maidir le gníomhairí eile an Aontais Eorpaigh agus na rialacha mionsonraithe ar a bhfuil sainmhíniú sna Rialacha is infheidhme maidir le gníomhairí eile an Aontais Eorpaigh agus coinníollacha ginearálta cur chun feidhme na hInstitiúide, na Gníomhaireachta nó na hOifige i gceist.

CA 3A (ar féidir conradh gan chríoch dheimhnithe a theacht as)	Lucsamburg), Oifig an Phámháistir Ghinearálta (PMO); an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) agus an Scoil Riaracháin Eorpach (EUSA), na gníomhaireachtaí Eorpacha agus Ionadaíochtaí an Choimisiúin sna Ballstáit agus Toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh ar fud an domhain. Parlaimint a hEorpa, Ard-Rúnaíocht na Comhairle, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, an Chúirt Bhreithiúnais agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.
--	--

X. NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE/ACHOMHAIRC

X. 1. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

Má mheasann tú ag aon chéim den phróiseas roghnúcháin go ndearnadh meancóg nó gur ghníomhaigh EPSO go héagothrom nó nár chomhlíon sé na rialacha a bhfuil an phróisis sin faoina réir, agus go ndearnadh dochar do do leas mar gheall air sin, is féidir na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint san ord ina bhfuil siad sa tábla thíos:

Nós imeachta	Pointe teagmhála	Teorainn ama ⁷
1. Iarratas ar athbhreithniú a chur isteach	Tríd an leathanach teagmhála ar shuíomh gréasáin EPSO.	10 lá féilire
2. Gearán riarthach a dhéanamh faoi Airteagal 90 (2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ⁸	Trí ríomhphost, chuig an seoladh seo: An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) C-25, 1049 An Bhruiséil, AN BHEILG, nó tríd an leathanach teagmhála ar shuíomh gréasáin EPSO.	3 mhí
I ndiaidh duit céim 2 thuas a chríochnú (tá céim 1 roghnach), is féidir leat:		
3. Má dhiúltaítear do ghearán os ard nó le tost, achomharc a dhéanamh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne ⁹	European Union Civil Service Tribunal Boulevard Konrad Adenauer 2925 Lucsamburg	3 mhí

Amhail saoránaigh uile an Aontais Eorpaigh, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach:

An tOmbudsman Eorpach
1 avenue du Président Robert Schuman -
CS 30403
67001 Strasbourg Cedex
AN FHRAINIC¹⁰

⁷ Ón dáta a fhoilseofar an cinneadh i gcontas EPSO na n-iarrthóirí.

⁸ Cuir tagairt an roghnúcháin, d'uimhir iarrthóra agus 'Gearán faoi Airteagal 90 (2)' i líne ábhair do litreach.

⁹ Tá sonraí maidir le conas achomharc a dhéanamh agus teorainneacha ama a ríomh le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh ag http://curia.europa.eu/jcms/jcms/T5_5230.

¹⁰ Tabhair do d'aire nach bhfuil aon éifeacht fionraí ag gearáin a chuirtear chuig an Ombudsman ar an tréimhse atá leagtha síos in Airteagal 90 (2) agus in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearáin nó achomhairc a dhéanamh le Binse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire freisin nach mór, faoi Airteagal 2 (4) de na coinníollacha ginearálta a rialaíonn feidmiú dhualgais an Ombudsman, dul i dteagmháil ar na dóigheanna iomchuí leis na hInstitiúidí agus leis na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéanfaidh tú aon ghearán leis an Ombudsman. Tá cur síos ar an nós imeachta sin ar fáil ar an suíomh gréasáin seo: <http://www.ombudsman.europa.eu/media/fr/default.htm>.

X.2. IARRATAÍ AR BHEARTA CEARTAITHEACHA

Ní mór iarrataí ar bhearta ceartaitheacha nó athbhreithnithe a chur isteach **faoi cheann deich lá féilire ó dháta do thrialach** tríd an [leathanach teagmhála](#) ar shuíomh gréasáin EPSO.

Má chuireann tú iarraidh isteach, **tá sé sár-riachtanach** d'uimhir iarrthóra a thabhairt agus an fhaisnéis a thabharfaidh caoi le fáil amach cén cheist/cé na ceistanna a shíleann tú a bheith earráideach (ábhar agus/nó uimhir na ceiste a lua, mar shampla), chomh maith le míniú a thabhairt, a mhéid is féidir é, ar chineál na hearráide atá ann dar leat.

Ní thabharfar aird ar iarrataí a chuirfear isteach i ndiaidh na tréimhse sin, nó nach mbeidh tugtha le fios iontu cén cheist/cé na ceistanna a bhfuil aighneas fúithi/fúthu.

XI. CUMARSÁID

Rachaidh EPSO i dteagmháil leat trí do chuntas EPSO. Is fút féin atá sé féachaint ar do chuntas EPSO go tráthrialta – dhá uair sa tseachtain ar a laghad – chun dul chun cinn an phróisis a leanúint agus chun an fhaisnéis a bhaineann le d'iarratas a sheiceáil. Mura féidir leat sin a dhéanamh de dheasca faidhbe teicniúla ar thaobh EPSO, ní mór duit EPSO a chur ar an eolas faoi láithreach.

Chun comhfhreagras a dhéanamh le EPSO, téigh chuig an [leathanach teagmhála](#).

Lena chinntiú go dtuigfidh gach duine na téacsanna ginearálta agus an chumarsáid uile idir tú féin agus EPSO i gceart, ní úsáidfear ach an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis sna cuirí chun na dtrialacha éagsúla agus i ngach comhfhreagras idir tú féin agus EPSO.

XII. FORAS DÍCHÁILITHE A BHAINNEANN LEIS AN bPRÓISEAS CLÁRÚCHÁIN

Déanann EPSO gach iarracht féachaint chuige go n-urramaítear prionsabal na córa comhionainne. Dá bhrí sin, má fhaigheann EPSO amach ag aon chéim den phróiseas gur chruthaigh tú níos mó ná aon iarratas amháin don phróiseas roghnúcháin seo nó go ndearna tú aon dearbhuithe bréagacha, dícháileofar thú ón bpróiseas roghnúcháin.

Is féidir go ngearrfar pionós ort má dhéanann tú calaois nó iarracht ar chalaois. Ba mhaith linn a chur in iúl nach n-earcaíonn na hinstiúidí ach na daoine sin a léiríonn go bhfuil siad sár-ionraic iontaofa.

XIII. SOCRUITHE AR LEITH

(a) Bail atá ann cheana tráth an chlárúcháin

1.	Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá bail ort a d'fhéadfadh bac a chur ort agus na trialacha á ndéanamh agat, cuir tic sa bhosca cuí san fhoirm iarratais ar líne agus luaigh sin san áit chuí san iarratas agus léirigh na socruithe a mheasann tú a bheith riachtanach chun déanamh na dtrialacha a éascú duit. Tá sé sár-riachtanach uimhir thagartha an phróisis roghnúcháin agus d'uimhir iarrthóra a lua.
2.	A luaithe is féidir é i ndiaidh duit d'iarratas ar líne a bhailíochtú, cuir isteach teastas leighis nó teastas ó chomhlacht aitheanta (de réir mar a bheidh) a dheimhníonn go bhfuil tú faoin míchumas sin. Scrúdófar na doiciméid tacaíochta ionas gur féidir socruithe ar leith a dhéanamh a oirfidh do gach cás chun go sásófar (a mhéid is féidir é) iarrataí a mheasfar a bheith réasúnta. Ní mór na hiarrataí agus na doiciméid tacaíochta a sheoladh: trí ríomhphost, chuig an seoladh seo: EPSO-accessibility@ec.europa.eu , trí fhacs chuig an uimhir seo: +32 22998081, agus 'EPSO accessibility' luaite air tríd an bpost, chuig an seoladh seo: An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) 'EPSO accessibility' (C-25)

	1049 An Bhruiséil AN BHEILG
--	--------------------------------

(b) Míchumas a thagann chun cinn i ndiaidh iarratas a dhéanamh

1.	Má thagann míchumas den chineál thuasluaite chun cinn i ndiaidh an spriocama do na hiarratais ar líne, ní mór duit EPSO a chur ar an eolas faoi a luaithe is féidir é. Luaigh i scríbhinn na socruithe a mheasann tú a bheith riachtanach.
2.	Cuir ar aghaidh na doiciméid ábhartha. trí ríomhphost, chuig an seoladh seo: EPSO-accessibility@ec.europa.eu , trí fhacs chuig an uimhir seo: +32 22998081, agus 'EPSO accessibility' luaite air tríd an bpost, chuig an seoladh seo: An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) 'EPSO accessibility' (C-25) 1049 An Bhruiséil AN BHEILG